Tá sé de chúram ar chách sábháilteacht agus sláinte a chinntiú ag an obair.
Is chun do leasa é. Is chun leas an ghnó é.

An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

Ionaid Oibre Shláintiúla

## Feachtas d'Ionaid Oibre Shláintiúla 2026-2028

# LE CHÉILE AR SON NA MEABHAIRSHLÁINTE SAN IONAD OIBRE

***Rioscaí síceasóisialta san ionad oibre a chosc***



Is é bunchloch do lucht oibre rathúil ná ionad oibre sláintiúil. Cuirtear cosc ar dhíobháil agus tugtar deis do chách a bheith rathúil nuair a chuireann fostóirí luach ar oibrithe, agus nuair a thugtar cumhacht dóibh san ionad oibre. Is ionad oibre dea-bhainistithe é ionad oibre ina dtugtar aghaidh ar rioscaí síceasóisialta, a théann chun tairbhe do dhaoine aonair, agus a spreagann nuálaíocht, comhoibriú agus rath fadtéarmach.



Leis an bhfeachtas '**Le chéile ar son na meabhairshláinte san ionad oibre**', faoi stiúir EU-OSHA, ardaítear feasacht ar rioscaí síceasóisialta, agus cuirtear timpeallachtaí oibre tacúla, cuimsitheacha agus sláintiúla chun cinn i ngach earnáil.

Is rioscaí síceasóisialta móra iad ualaí oibre iomarcacha, easpa rialaithe agus droch-chumarsáid, a dhéanann díobháil don fholláine mheabhrach. Mura ndéantar bainistiú ceart orthu, is féidir leo a bheith ina gcúis le traochadh, dúlagar nó imní, ag cur isteach ar oibrithe agus an bonn d'fheidhmíocht, d'iomaíochas agus d'inbhuanaitheacht an ghnólachta a bhaint.

Cuirtear cosc rioscaí chun cinn san fheachtas seo trí mheasúnú agus bhainistiú cuí ar rioscaí a dhéanamh, agus spreagtar comhoibriú i measc fostóirí, bainisteoirí, oibrithe agus ionadaithe. Leagtar béim ar chur chuige iomlánaíoch lena gcuirtear rioscaí fisiciúla agus síceasóisialta araon san áireamh.

Leagtar béim ar dhúshláin earnáilsonracha agus ar ghrúpaí leochaileacha, agus cuirtear réitigh chuimsitheacha chun cinn ionas gur féidir le gach duine a gcuid oibre a dhéanamh i dtimpeallacht ina dtacaítear leis an bhfolláine mheabhrach.

**Bíonn strus, imní nó dúlagar ar 29 % d'oibrithe san Aontas mar thoradh ar an obair nó níos measa dá deasca.**

Suirbhé OSH Pulse 2025

## Na cúig réimse tosaíochta den fheachtas

1. Measúnú agus bainistiú riosca síceasóisialta;
2. Ciapadh, gnéaschiapadh agus foréigean;
3. Rioscaí fisiceacha agus meabhairshláinte;
4. Rioscaí síceasóisialta in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta; agus
5. Tacaíocht a chur ar fáil don mheabhairshláinte san ionad oibre.



***Glac páirt sa ghníomhaíocht: tacaigh leis an bhfeachtas agus cabhraigh chun an mheabhairshláinte a dhéanamh lárnach i ngach post.***

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

#EUhealthyworkplaces

healthy-workplaces.osha.europa.eu

© An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, 2026
Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

Print: TE-01-25-008-GA-C / PDF: TE-01-25-008-GA-N